| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – Meastachán agus tomhas faid (cm /m)<br>Uimhreas – suimiú agus dealú go dtí dhá ionad de dheachúlacha<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Corpoideachas, An Domhain Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | meastachán a dhéanamh, meastachán, fad, méadar, ceintiméadar, ionaid de dheachúlacha, fad cearnach, meán |
| **Áiseanna** | bileog acmhainne an dalta le léimeanna a thaifeadadh, miosúir, roth landair |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Ba cheart go mbeadh an deis ag na daltaí foghlaim faoi mheastachán a dhéanamh ar fhad níos mó ná méadar amháin agus é a thomhas roimhe seo. Ba cheart go mbeadh taithí acu ar fhad a shuimiú agus a dhealú. Roinn an churiarracht dhomhanda do léim fhada na bhfear leis na daltaí. Pléigh stair na léime. In 1991 i dTóiceo, sháraigh lúthchleasaí Meiriceánach darb ainm Mike Powell curiarracht dhomhanda na bhfear maidir leis an léim fhada. Sháraigh a léim de 8.95 m an churiarracht roimhe a bhí ag Bob Beamon faoi 5 cheintiméadar. Sheas curiarracht Beamon ar feadh 23 bliain agus seasann curiarracht Powell go fóill in 2019. Léiríonn sé seo an t-éacht a rinneadh an bheirt acu.

Mínigh an dóigh ar sháraigh Powell an churiarracht dhomhanda. Spreag iad le amharc ar phíosa scannánaíochta den léim ar líne. Iarr orthu meastachán a dhéanamh ar fhad na léime i halla na scoile nó clós na scoile. Ansin, iarr orthu an fíor-fhad a thomhas.

### 1 Gníomhaíocht 1

Tabhair do rang chuig halla na scoile, clós na scoile nó páirc spóirt. Iarr ar na daltaí 8.95 m a mharcáil. Úsáid miosúr fada le fad na curiarrachta domhanda a mharcáil. Spreag an daltaí leis an fhíor-fhad a chur i gcomparáid lena meastacháin. Thiocfadh leo fad an tseomra ranga nó seomraí eile sa scoil a chur i gcomparáid le fad na curiarrachta domhanda.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí líon na léimeanna a bheidh le déanamh acu a ríomh le 8.95 m a chlúdach.
Spreag iad leis an fhad a léimeann siad gach uair a thaifeadadh. Déan cinnte de go ríomhann siad an léim is faide agus an léim is gairide. Faigh amach cé acu dalta atá ábalta é a dhéanamh leis an líon is lú léimeanna. Iarr ar na daltaí an léim is faide ag gach duine a thaifeadadh agus an meán don léim is faide a oibriú amach..

### 3 Gníomhaíocht 3


Fiosraigh curiarrachtaí domhanda eile cosúil le caitheamh na teisce, caitheamh na sleá nó caitheamh meáchain leis na daltaí. Spreag na daltaí le meastachán a dhéanamh ar na faid seo agus iad a thomhas. Lig do na daltaí cinneadh a dhéanamh ar an trealamh a bheidh in úsáid leis an tomhas a dhéanamh. Iarr orthu a ríomh cá mhéad caitheamh den teacs atá de dhíth le bheith mar an gcéanna leis an churiarracht dhomhanda.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an difear idir curiarracht dhomhanda na léime fada maidir leis na fir agus an churiarracht atá ag na mná?<br>• Cad é an difear idir curiarracht dhomhanda na léime fada agus do sháriarracht phearsanta? | • Cé acu fad léime a bheadh indéanta / dodhéanta? Cad chuige?<br>• Cad é atá i gceist leis an téarma 'curiarracht dhomhanda'?<br>• Cad iad na cineálacha curiarrachtaí domhanda?<br>• Cad iad na spóirt a úsáideann curiarrachtaí domhanda? |

## Difreáil

Is féidir na faid a scríobh ina méadair agus ina gceintiméadair, nó ina gceintiméadair in áit deachúlacha.
Thiocfadh leis na daltaí fad gach léime agus líon na léimeanna atá de dhíth le fad na curiarrachta domhanda a bhaint amach a thaifeadadh gan an fad cearnach a ríomh i ndiaidh gach léime.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.



## Comórtas Léim Fhada

Is é 8.95 m an churiarracht dhomhanda do léim fhada na bhfear. Léim Michael Powell an fad seo i dTóiceo sa bhliain 1991.

Gan rith, léim chomh fada agus is féidir leat chun tosaigh. Iarr ar chara do léim a thomhas agus taifead a dhéanamh de. Déan é seo arís agus suimigh an fad ón chéad léim leis an fhad ón dara léim. Tugann muid an fad carnach ar an fhad seo. Léim roinnt uaireanta eile go dtí go mbaineann tú 8.95 m amach nó níos faide. Seo an churiarracht dhomhanda do léim fhada na bhfear.

Sa tábla seo tá taifead de léimeanna Phádraig.

| Ainm an Dalta: Pádraig | | |
|---|---|---|
| Líon na Léimeanna | Fad na Léime | Fad Carnach |
| 1 | 1.47 m | 1.47 m |
| 2 | 1 .48 m | 2.95 m |
| 3 | 1.55 m | 4.50 m |
| 4 | 1.52 m | 6.02 m |
| 5 | 1.47 m | 7.49 m |
| 6 | 1.47 m | 8 .96 m |

Líon na léimeanna leis an churiarracht dhomhanda a bhaint amach nó a shárú: 6
Ghlac Pádraig 6 léim leis an churiarracht dhomhanda a bhaint amach. Sháraigh sé í le 1 cm.